Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 29 Márta 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0382 (NLE)

6427/22
ADD 1

LIMITE

JAI 222
COPEN 58
CYBER 59
ENFOPOL 87
TELECOM 63
EJUSTICE 25
MI 129
DATAPROTECT 43

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear do na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, an Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht a shíniú, Prótacal i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí |

IARSCRÍBHINN

Leagtar amach san Iarscríbhinn seo na forchoimeádais, na dearbhuithe, na fógraí na teachtaireachtaí agus táscanna, dá dtagraítear in Airteagal 2.

1. Forchoimeádais

De bhun Airteagal 19, mír 1, den Phrótacal, féadfaidh Páirtí a dhearbhú go mbaineann sé leas as forchoimeádais amháin nó níos mó dá bhforáiltear in airteagail áirithe den Phrótacal.

De bhun Airteagal 7, mír 9.a, den Phrótacal, féadfaidh Páirtí an ceart a fhorchoimeád gan Airteagal 7 (Faisnéis rannpháirtí a nochtadh) a chur i bhfeidhm. Staonfaidh na Ballstáit ó fhorchoimeádas den sórt sin a dhéanamh.

De bhun Airteagal 7, mír 9.b, den Phrótacal, féadfaidh Páirtí, faoi réir na gcoinníollacha atá ann, an ceart a fhorchoimeád gan Airteagal 7 a chur i bhfeidhm maidir uimhreacha rochtana de chineálacha áirithe. Ní fhéadfaidh na Ballstáit forchoimeádas den sórt sin a dhéanamh, ach amháin i ndáil le huimhreacha rochtana, seachas iad siúd is ga chun an t-úsáideoir a shainaithint agus chuige sin amháin.

De bhun Airteagal 8, mír 13, den Phrótacal, féadfaidh Páirtí an ceart a fhorchoimeád gan Airteagal 8 (Éifeacht a thabhairt d'orduithe ó Pháirtí eile maidir le nochtadh brostaithe na faisnéise rannpháirtí agus na sonraí tráchta) a chur i bhfeidhm maidir le sonraí tráchta. Moltar do na Ballstáit staonadh ó fhorchoimeádas den sórt sin a dhéanamh.

I gcás ina dtugtar bonn i leith forchoimeádais eile in Airteagal 19, mír 1, údaraítear do na Ballstáit forchoimeádas den sórt sin a mheas agus a dhéanamh.

2. Dearbhuithe

De bhun Airteagal 19, mír 2, den Phrótacal, féadfaidh Páirtí na dearbhuithe a shainaithnítear in airteagail áirithe den Phrótacal a dhéanamh.

De bhun Airteagal 7, mír 2.b, den Phrótacal, féadfaidh Páirtí, i ndáil le horduithe arna n-eisiúint chuig soláthraithe seirbhíse ar a chríoch, an dearbhú seo a leanas a dhéanamh

*'An t-ordú faoi Airteagal 7, mír 1, ní mór dó a bheith eisithe ag ionchúisitheoir nó ag údarás breithiúnach eile, nó faoi mhaoirseacht ionchúisitheora nó údaráis bhreithiúnaigh eile, nó seachas sin, ní mór dó a* bheith *eisithe faoi mhaoirseacht neamhspleách.'*

Déanfaidh na Ballstáit, i ndáil le horduithe arna n-eisiúint chuig sholáthraithe seirbhíse ar a gcríoch, an dearbhú a leagtar amach sa dara mír den phointe seo.

De bhun Airteagal 9 (Nochtadh brostaithe na sonraí ríomhaireachta stóráilte i gcás éigeandála) mír 1(b), den Phrótacal, féadfaidh Páirtí a dhearbhú nach ndéanfaidh sé iarrataí faoi mhír l.a den Airteagal sin a fhorghníomhú, nuair nach bhfuil ach nochtadh faisnéise rannpháirtí á lorg. Moltar do na Ballstáit staonadh ó dhearbhú den sórt sin a dhéanamh.

I gcás ina dtugtar bonn i leith dearbhuithe eile in Airteagal 19, mír 2, údaraítear do na Ballstáit dearbhuithe den sórt sin a mheas agus a dhéanamh.

3. Dearbhuithe, fógraí nó teachtaireachtaí

De bhun Airteagal 19, mír 3, den Phrótacal, tá Páirtí le haon dearbhuithe, fógraí nó teachtaireachtaí atá sainaitheanta in airteagail áirithe den Phrótacal de réir na dtéarmaí a shonraítear iontu a dhéanamh.

De bhun Airteagal 7, mír 5.a, den Phrótacal, féadfaidh Páirtí fógra a thabhairt d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, gur nuair a eisítear ordú faoi mhír 1 den Airteagal sin chuig soláthraí seirbhíse ar a chríoch, éilíonn an Páirtí, i ngach cás nó in imthosca sainaitheanta, fógra comhuaineach faoin ordú, an fhaisnéis fhorlíontach agus achoimre ar na fíorais a bhaineann leis an imscrúdú nó leis an imeacht. Dá réir sin, déanfaidh na Ballstáit an fógra seo a leanas a thabhairt d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa:

'*Nuair a eisítear ordú faoi Airteagal 7, mír 1, chuig soláthraí seirbhíse ar chríoch [Ballstát], éilíonn [Ballstát], i ngach cás, fógra comhuaineach faoin ordú, an fhaisnéis* fhorlíontach *agus achoimre ar na fíorais a bhaineann leis an imscrúdú nó leis an imeacht'*.

I gcomhréir le hAirteagal 7, mír 5 e, den Phrótacal, ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil aonair chun an fógra a fháil faoi Airteagal 7, mír 5 a, agus chun na gníomhaíochtaí a bhfuil tuairisc orthu in Airteagal 7, míreanna 5.b, 5.c agus 5.d, den Phrótacal a dhéanamh, agus, nuair a thugtar an fógra d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa den chéad uair, faoi Airteagal 7, mír 5.a, den Phrótacal, cuirfidh na Ballstáit faisnéis teagmhála an údaráis sin in iúl d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa.

De bhun Airteagal 8, mír 4, den Phrótacal, féadfaidh Páirtí a dhearbhú go bhfuil gá le faisnéis tacaíochta bhreise chun éifeacht a thabhairt d'orduithe faoi mhír 1 den Airteagal sin. Dá réir sin, déanfaidh na Ballstáit an dearbhú seo a leanas:

*'Tá faisnéis tacaíochta bhreise ag teastáil chun éifeacht a thabhairt d'orduithe faoi Airteagal 8, mír 1. Braithfidh an fhaisnéis tacaíochta bhreise a bheidh ar imthosca an ordaithe agus ar an imscrúdú nó an t-imeacht gaolmhar.'.*

I gcomhréir le hAirteagal 8, míreanna 10.a agus 10.b, den Phrótacal, déanfaidh na Ballstáit faisnéis teagmhála na n-údarás arna n-ainmniú ordú faoi Airteagal 8 a chur in iúl agus a choinneáil cothrom le dáta, agus na húdaráis arna n-ainmniú ordú a fháil faoi Airteagal 8, faoi seach. Na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe a cuireadh ar bun le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[1], lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), áireoidh siad OIPE, laistigh de theorainneacha fheidhmiú a hinniúlachtaí mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagail 22, 23 agus 25 den Rialachán sin, i measc na n-údarás a chuirtear in iúl faoi Airteagal 8, míreanna 10.a agus 10.b, den Phrótacal, agus déanfar é sin ar bhealach comhordaithe.

---

[1] Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

Dá réir sin, déanfaidh na Ballstáit an dearbhú seo a leanas:

'*I gcomhréir le hAirteagal 8, mír 10, ainmníonn [Ballstát], mar Bhallstát den Aontas Eorpach atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), OIPE, i bhfeidhmiú a hinniúlachtaí, dá bhforáiltear in Airteagail 22, 23 agus 25 de Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), mar údarás inniúil.*'.

I gcomhréir le hAirteagal 14, mír 7.c, den Phrótacal, cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa cé hé an t-údarás nó cé hiad na húdaráis a bhfuil fógra le tabhairt dóibh i ndáil le teagmhas slándála faoi Airteagal 14, mír 7.c, den Phrótacal, chun críocha Chaibidil II, Roinn 2 den Phrótacal.

I gcomhréir le hAirteagal 14, mír 10.b, den Phrótacal, cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa cé hé an t-údarás nó cé hiad na húdaráis atá le húdarú a thabhairt dóibh chun críoch Chaibidil II, Roinn 2, den Phrótacal, i ndáil le sonraí arna bhfáil faoin bPrótacal a aistriú ar aghaidh chuig Stát eile nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta eile.

I gcás ina dtugtar bonn i leith dearbhuithe, fógraí nó teachtaireachtaí eile in Airteagal 19, mír 3, den Phrótacal, údaraítear do na Ballstáit dearbhuithe, fógraí agus cumarsáidí den sórt sin a mheas agus a dhéanamh.

4. Táscanna eile

Na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/1939, áiritheoidh siad gur féidir le OIPE, i bhfeidhmiú a hinniúlachtaí di mar dá bhforáiltear don mhéid sin in Airteagail 22, 23 agus 25 den Rialachán sin, comhar a lorg faoin bPrótacal ar an gcaoi chéanna le hionchúisitheoirí náisiúnta na mBallstát sin.

Maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7, go háirithe maidir le huimhreacha rochtana de chineálacha áirithe, féadfaidh na Ballstáit ordú faoin Airteagal sin a chur faoi réir ghrinnscrúdú ar ionchúisitheoir nó ar údarás breithiúnach eile nuair a fhaigheann a n-údarás inniúil fógra comhuaineach faoin ordú roimh nochtadh na faisnéise iarrtha ag an soláthraí.

I gcomhréir le hAirteagal 14, mír 11.c, den Phrótacal, agus sonraí á n-aistriú chun críocha an Phrótacail acu, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear in iúl don Pháirtí fála go gceanglaítear go ndéantar a chreat dlíthiúil náisiúnta lena dtugtar fógra pearsanta don duine aonair a dhéantar a chuid sonraí a sholáthar.

Maidir le haistrithe idirnáisiúnta ar bhonn Comhaontú idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le cosaint faisnéise pearsanta a bhaineann le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh[1] ('an Scáth-Chomhaontú'), cuirfidh na Ballstáit in iúl d'údaráis inniúla na Stát Aontaithe, chun críocha Airteagal 14, mír 1.b, den Phrótacal, go bhfuil feidhm ag an Scáth-Chomhaontú maidir le haistrithe cómhalartacha sonraí pearsanta faoin bPrótacal idir údaráis inniúla. Mar sin féin, cuirfidh na Ballstáit san áireamh gur cheart an Scáth-Chomhaontú a chomhlánú le coimircí breise lena gcuirtear san áireamh na ceanglais uathúla a bhaineann le fianaise leictreonach a bheith á haistriú go díreach ag soláthraithe seirbhíse seachas idir údaráis mar a fhoráiltear dó sin faoin bPrótacal. Dá réir sin, cuirfidh na Ballstáit an teachtaireacht seo a leanas chuig údaráis inniúla na Stát Aontaithe:

'*Chun críocha Airteagal 14, mír 1.b, den Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht ('an Prótocal'), measann [Ballstát] go bhfuil feidhm ag an gComhaontú idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach maidir le cosaint faisnéise pearsanta a bhaineann le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh ('an Scáth-Chomhaontú') maidir le haistrithe cómhalartacha sonraí pearsanta idir údaráis inniúla faoin bPrótacal. I gcás aistrithe idir soláthraithe seirbhíse agus údaráis faoin bPrótacal, níl feidhm ag an Scáth-Chomhaontú ach amháin in éineacht le socrú sonrach breise de réir bhrí Airteagal 3, mír 1, den Scáth-Chomhaontú lena dtugtar aghaidh ar na riachtanais uathúla a bhaineann le fianaise leictreonach a bheith á haistriú go díreach ag soláthraithe seirbhíse seachas idir údaráis. In éagmais comhaontú sonrach aistrithe den sórt sin, féadfar na haistrithe sin a dhéanamh faoin bPrótacal, agus sa chás sin, tá feidhm ag Airteagal 14, mír 1.a, i gcomhar le hAirteagal 14, míreanna 2 go 15, den Phrótacal*'.

[1] IO L 336, 10.12.2016, lch. 3

Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuireann siad Airteagal 14, mír 1.c, den Phrótacal, i bhfeidhm ach amháin má tá cinneadh leordhóthanachta glactha ag an gCoimisiún Eorpach de bhun Airteagal 45 den Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] nó Airteagal 36 de Threoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] i gcás an tríú tír lena mbaineann, cinneadh lena gcumhdaítear na haistrithe sonraí, nó ar bhonn comhaontú eile lena n-áirítear coimircí iomchuí i ndáil le cosaint sonraí de bhun Airteagal 46(2), pointe a, de Rialachán (AE) 2016/679 nó Airteagal 37(1), pointe a, de Threoir (AE) 2016/680.

---

[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1)

[2] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).